Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 24

# Dlí agus Ceart

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Dlí agus Cirt, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgeadteoranta a riarann an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí soláthair caipitil in 2022, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2021, faoi na socruithe a bunaíodh faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear barrachas €29.658 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2022, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas ina leith seo a leanas.

### *Cuntasaíocht grúpa maidir le sócmhainní seasta*

Áirítear le nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa na luachanna sócmhainní seasta agus muirir ghaolmhara dhímheasa i ndáil le sócmhainní atá faoi úinéireacht na Roinne agus roinnt de na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a ndéantar a dtaifid chuntasaíochta a choinneáil trí ionad seirbhísí comhroinnte airgeadais na Roinne.

### *Cuntasaíocht grúpa maidir le banc agus airgead tirim*

Áirítear le nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an gcuntas leithreasa luachanna bainc agus airgid thirim atá i seilbh roinnt comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith.

### *Fardal*

Áirítear le nóta 2.3 a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa maidir le luacháil fardal earraí intomhalta ardtoirte íseal-luacha, i bhfianaise a gcineáil agus a ngá le monatóireacht agus le slándáil.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Tá litir dearbhaithe maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm curtha ar fáil agam do na hOifigigh Chuntasaíochta atá ag fáil seirbhísí comhroinnte airgeadais ó ionad seirbhísí comhroinnte airgeadais (SCA) na Roinne i gCill Airne.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Leagadh amach socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú

- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus go bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bheadh i gceist don Roinn obair an choiste. Déanann an Coiste Iniúchóireachta na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí a fhaomhadh agus cuirtear anailís san áireamh iontu. Féachtar sna pleananna sin leis na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Tá mionsonraí tugtha ag an Roinn ar 52 chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas i gcás 20 conradh (sa bhreis ar €25,000) a raibh luach €5,617,741 ar an iomlán ag baint leo (gan CBL a áireamh) in 2022, mar atá leagtha amach thíos:

- Meastar gur conarthaí neamhchomhlíontacha atá i sé cinn déag de na conarthaí sin ar an mbonn gur ghá tar-rolladh thar an dáta conartha bunaidh, agus socruithe uasdátaithe soláthair a bheith á gcur i bhfeidhm.
  Tá ceithre chonradh den sort sin dáfa anois (luach 2022: €519,327).
  Tá dhá chonradh eile dáfa agus aistreoidh an Roinn go dtí na conarthaí sin ar bhonn céimnithe sna míonna beaga amach romhainn (luach 2022: €399,491).
  Tá dhá chonradh ar chéim an mheasúnaithe faoi láthair (luach 2022: €137,240), agus tá sonraíochtaí tairisceana á n-ullmhú in ocht gcás (luach 2022: €3,303,464).
- Ba dhámhachtain dhíreach é conradh amháin dar luach €661,456 chun freastal ar an éileamh níos mó atá ar sheirbhísí riachtanacha aistriúcháin a tharla mar gheall ar an méadú suntasach a tháinig ar iarratais ar Chosaint Idirnáisiúnta sa bhliain 2022.
- Cuireadh síneadh le dhá chonradh dar luach €530,951 le go mbeifí ábalta aistriú chuig córais nua.
- Cuireadh síneadh le conradh amháin dar luach €65,812 le go mbeifí ábalta aistriú chuig láithreán nua.

Tá na conarthaí thuas curtha ar áireamh sa tuairisceán bliantúil faoi chiorclán 40/2002 agus tá tagairt déanta dóibh thuas.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú. Tá Coiste Riosca i bhfeidhm chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca ar fud na Roinne.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sanntar ann freagracht as feidhmiú rialuithe do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don leibhéal bainistíochta cuí, nuair is ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

*Cibearshlándáil*

Bunaíodh clár cibear-athléimneachta tar éis líon méadaithe cibirionsaithe agus ionsaithe bogearraí éirice le blianta beaga anuas. Is éard is aidhm leis an gclár leathan seo ná na bogearraí, crua-earraí, saoráidí agus bearta cuí a chur i bhfeidhm chun bonneagar agus faisnéis na Roinne ar a seirbhís comhroinnte a chosaint ar shárú beartaithe nó neamhbheartaithe amach anseo. Is éard is príomhghníomhaíocht an chláir seo go dtí seo ná trealamh agus seirbhísí slándála a sholáthar, lena n-áireofar oiliúint nuálach don fhoireann i gcúrsaí cibearshlándála chun tuiscint ar chibearshlándáil a chur chun cinn agus cultúr dea-chleachtais a threisiú.

*Nuachóiriú TFC*

Bhunaigh an Roinn cláir nuachóirithe agus aistrithe chun an t-aistriú amach ó ardáin oidhreachta go réitigh dhigiteacha nua-aimseartha a rialú agus a bhainistiú go cúramach. Ní mór don Roinn teicneolaíochtaí níos nuaí amhail néalríomhaireacht, meaisínfhoghlaim agus uathoibriú róbatach próiseas a ghlacadh chun claochlú digiteach a bhaint amach. Bhí ar an Roinn rialachas, beartais agus nósanna imeachta atá ag teacht leis an dea-chleachtas sna réimsí sin a bhunú chun teicneolaíochtaí mar sin a úsáid.

***Saincheisteanna rialaithe phaindéim Covid-19***

Tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe mar gheall ar theacht phaindéim Covid-19 i dtús na bliana 2020 agus tugadh isteach cianobair agus obair fhíorúil nuair ba phraiticiúil agus ba chuí, ag féachaint don chineál oibre sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn isteach roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, thug an lucht bainistíochta faoi mheasúnú iomlán riosca maidir le tionchar phaindéim Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Tá na rialuithe a bhí ann agus na cinn a tugadh isteach mar gheall ar Covid-19 fós éifeachtach.

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

30 Márta 2023

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 24 Dlí agus Ceart

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 24 Dlí agus Ceart don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Dlí agus Cirt agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2022.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

5 Méan Fomháir 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 24 Dlí agus Ceart

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | An colún ceartais choiriúil | | | | |
| | *Bunaidh* | 324,093 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 5,122 | | | |
| | *Forlíontach* | 19,634 | | | |
| | | | 348,849 | 332,925 | 316,117 |
| B | An colún ceartais shibhialta | | | | |
| | *Bunaidh* | 174,629 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,981 | | | |
| | | | 179,610 | 168,915 | 150,911 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 498,722 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 5,122 | | | |
| | *Forlíontach* | 24,615 | | | |
| | | | **528,459** | **501,840** | **467,028** |
| | *Lúide* | | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 75,832 | | | |
| | *Forlíontach* | 24,614 | | | |
| | | | **100,446** | **103,485** | **90,513** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 422,890 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 5,122 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **428,013** | **398,355** | **376,515** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar iomlán aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair caipitil, nó cuid díobh, a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 29,658,052 | 26,894,827 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (5,122,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **29,658,052** | **21,772,827** |

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt

30 Márta 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 356,685 | 339,446 |
| Pá | | 89,708 | 78,797 |
| Neamhphá | | 55,447 | 48,785 |
| **Ollchaiteachas** | | **501,840** | **467,028** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **103,485** | **90,513** |
| **Glanchaiteachas** | | **398,355** | **376,515** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (38,800) | | |
| Dímheas | 5,622 | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 1 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | (33,176) | (48,144) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (4,720) | | |
| Laghdú ar fhardail | 194 | (4,526) | (1,261) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **360,653** | **327,110** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 57,275 | 50,401 |
| Measchíosanna | | 5,122 | 4,860 |
| **Glanchostas an chláir** | | **423,050** | **382,371** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 24 a tabhaíodh in áit éigin eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 400 | 373 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 52,285 | 45,791 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 8,600 | 8,418 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 241 | 247 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 234 | 160 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 308 | 70 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 199 | 205 |
| Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | (4,992) | (4,863) |
| | | **57,275** | **50,401** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 123,820 | 90,645 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 22,903 | 19,875 |
| Fardail | 2.3 | 1,626 | 1,820 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 10,926 | 5,376 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 3,025 | 3,974 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 523 | 4,129 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **39,003** | **35,174** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 7,331 | 7,477 |
| Ioncam iarchurtha | 2.8 | 214 | 187 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.9 | 23,850 | 18,949 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.10 | (424) | 5,055 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **30,971** | **31,668** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 8,032 | 3,506 |
| **Glansócmhainní** | | **131,852** | **94,151** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.11 | **131,852** | **94,151** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil [a]

| | Foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 [b] | 6,901 | 2,303 | 114,915 | 2,734 | 68,515 | 195,368 |
| Breiseanna | — | 320 | 5,400 | 11 | 33,069 | 38,800 |
| Aistriú amach [c] | — | (110) | (22) | — | — | (132) |
| Diúscairtí | — | — | (839) | (1) | — | (840) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 6,901 | 2,513 | 119,454 | 2,744 | 101,584 | 233,196 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 1,860 | 1,672 | 98,718 | 2,473 | — | 104,723 |
| Dímheas don bhliain | 138 | 265 | 5,153 | 66 | — | 5,622 |
| Dímheas ar aistriú amach [c] | — | (110) | (21) | — | — | (131) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (837) | (1) | — | (838) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 1,998 | 1,827 | 103,013 | 2,538 | — | 109,376 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **4,903** | **686** | **16,441** | **206** | **101,584** | **123,820** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 5,041 | 631 | 16,197 | 261 | 68,515 | 90,645 |

Nóta

[a] Léirítear sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil sócmhainní don Roinn ar fad, lena n-áirítear roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith freisin.

[b] Luacháil sócmhainní caipitil: tá tairseach €10,000 i leith caipitliú sócmhainní caipitil do bhreiseanna sócmhainne ón 1 Eanáir 2021 curtha i bhfeidhm.

[c] Aistríodh mótarfheithiclí a raibh costas bunaidh €110,142 ag baint leo ón Roinn chuig an nGarda Síochána. Aistríodh trealamh oifige agus TF a raibh costas bunaidh €22,236 ag baint leo ón Roinn chuig an Údarás Póilíneachta.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 12,771 | 11,888 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála | 10,132 | 7,987 |
| | **22,903** | **19,875** |

Áirítear leis na hiarmhéideanna cuntais bainc tráchtála iarmhéideanna dar luach €1.574 milliún a bhaineann le roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith freisin.

## 2.3 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | — | 120 |
| Ábhair inchaite fhóiréinseacha | 732 | 713 |
| Ábhair inchaite TF | 99 | 57 |
| Ceadanna cónaithe/doiciméid taistil | 677 | 796 |
| Ilghnéitheach | 62 | 90 |
| Trealamh/éadach | 56 | 44 |
| | **1,626** | **1,820** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Riarachán na Roinne (cothabháil agus tacaíocht don chóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide den chuid is mó, lena n-áirítear ceadúnú) | 6,237 | 2,854 |
| A.4 Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 454 | 458 |
| A.6 An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 259 | 207 |
| A.11 Idirghabhálacha um Cheartas i leith an Aosa Óig (Íocaíochtaí 2023 maidir le Síneadh Teorann a rinneadh in R4 den bhliain 2022) | 1,305 | — |
| A.19 An tÚdarás Slándála Príobháidí (costais riaracháin éagsúla, lena n-áirítear feachtais spriocdhírithe sna meáin) | 13 | 98 |
| A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (trealamh eolaíochta a chothabháil, etc.) | 2,074 | 997 |
| B.5 An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (Costais riaracháin éagsúla, lena n-áirítear cothabháil agus tacaíocht do chórais TFC, lena n-áirítear ceadúnú) | 120 | 124 |
| B.6 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann (cothabháil córais TFC agus feachtais feasachta sna meáin den chuid is mó) | 370 | 614 |
| Fo-mhírchinn eile (costais éagsúla, lena n-áirítear tacaíocht agus cothabháil TFC) | 94 | 24 |
| | **10,926** | **5,376** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí i ndáil le clárú inimirce | 1,675 | 2,806 |
| Táillí i ndáil le víosaí | 498 | 457 |
| Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí | 283 | 285 |
| Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla | 200 | — |
| Ioncam fabhraithe eile | 369 | 426 |
| | **3,025** | **3,974** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | — | 3,414 |
| Óinchistí | 53 | 52 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe maidir leis an scéim pas taistil | 204 | 233 |
| Glacadóireacht an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla | 195 | 105 |
| Cuntas fionraí párolla (Paypath) | — | 200 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 71 | 125 |
| | **523** | **4,129** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scéimeanna um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil (fo-mhírchinn A.15 agus A.16) | 4,990 | 5,102 |
| Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha (costais éagsúla, lena n-áirítear costais dlí) | 335 | 470 |
| Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (costais éagsúla, lena n-áirítear ábhair inchaite, ceimiceáin agus trealamh) | 330 | 154 |
| Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 285 | 274 |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 278 | 198 |
| An tSeirbhís Chróinéara (costais éagsúla, lena n-áirítear costais dlí) | 239 | 592 |
| An tSeirbhís Phromhaidh – costais oibriúcháin | 125 | 134 |
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla (costais éagsúla, lena n-áirítear ceadúnú bogearraí) | 106 | 18 |
| Inimirce & Cosaint Idirnáisiúnta (costais éagsúla taistil agus aistriúcháin) | 97 | 29 |
| Costais áitribh oifige (costais éagsúla, lena n-áirítear costais glantacháin oifige) | 88 | 59 |
| Fo-mhírchinn eile | 458 | 447 |
| | **7,331** | **7,477** |

## 2.8 Ioncam iarchurtha

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Táillí i ndáil le cinsireacht scannán | 207 | 187 |
| Fáltais ilghnéitheacha | 7 | — |
| | **214** | **187** |

## 2.9 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 2,466 | 2,224 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 1,535 | 1,280 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 2,160 | 2,308 |
| Cáin bhreisluacha | 578 | 330 |
| Iarmhéideanna i gcuntais roinne | 10,132 | 7,987 |
| | 16,871 | 14,129 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 687 | 686 |
| Réamhíocaíocht CSE i ndáil le maoiniú tionscadail um chuimsiú sóisialta 2014–2020 | 1,374 | 1,374 |
| Réamhíocaíochtaí an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014–2020 | — | 2,700 |
| Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste | 37 | 37 |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | 4,672 | — |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 209 | 23 |
| | **23,850** | **18,949** |

## 2.10 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 29,658 | 21,773 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 5,122 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (30,082) | (21,840) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(424)** | **5,055** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 22,903 | 19,875 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 523 | 4,129 |
| | 23,426 | 24,004 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (16,871) | (14,129) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (6,979) | (4,820) |
| | (23,850) | (18,949) |
| | | |
| | **(424)** | **5,055** |

## 2.11 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 94,151 | 44,746 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 428,013 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (29,658) | | |
| Glanvóta | | | 398,355 | 376,515 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 57,275 | 50,401 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 5,122 | 4,860 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (423,050) | (382,371) |
| Aistriú sócmhainní caipitil | 2.1 | | (1) | — |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **131,852** | **94,151** |

## 2.12 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** ag an 31 Nollaig | **2022** **€000** | **2021** **€000** |
|---|---|---|
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 14,290 | 11,356 |
| Tionscadail chaipitil | 6,453 | 31,687 |
| **Iomlán na gceanglas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **20,743** | **43,043** |

**b) Tionscadail chaipitil ollmhóra**

| | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2021** | **Caiteachas in 2022** | **Ceangaltais tionscadal sna blianta ina dhiaidh** | **Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré na dtionscadal 2022** | **Caiteachas iomlán ionchais feadh shaolré na dtionscadal 2021** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | 68,514 | 32,577 | 5,509 | 106,600 | 99,518 |

Is ionann buiséad iomlán tionscadail do shaotharlann nua Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann agus €99.5 milliún. Tá an caiteachas laistigh den bhuiséad seachas tosca seachtracha dorialaithe sa bhliain 2022 maidir le boilsciú tógála (€6.9 milliún) agus caiteachas Covid-19 (€200,000), agus clúdófar roinnt acu sin leis an mbuiséad teagmhais tionscadail.

## 2.13 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe ann nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana 2022 ná sa bhliain roimhe sin.

## 2.14 Dliteanais theagmhasacha

Féach Nóta 6.1 maidir le coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 76,618 | | | |
| | | *Forlíontach* | 9,480 | | | |
| | | | | 86,098 | 84,908 | 74,356 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 985 | | | |
| | | *Forlíontach* | 188 | | | |
| | | | | 1,173 | 1,052 | 513 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,154 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,753 | | | |
| | | | | 17,907 | 17,295 | 17,572 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,096 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,992 | | | |
| | | | | 4,088 | 3,951 | 2,615 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 27,666 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,570) | | | |
| | | | | 24,096 | 20,389 | 16,132 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,055 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,008 | | | |
| | | | | 5,063 | 4,288 | 4,501 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | 68 | 126 | 336 |
| viii | Taighde | | | 1,786 | 1,485 | 637 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ix | Seirbhísí comhroinnte airgeadais [a] | | | 6,861 | 6,805 | 6,693 |
| x | Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,000) | | | |
| | | | | 7,000 | 4,856 | 4,227 |
| | | | | **154,140** | **145,155** | **127,582** |

Nóta [a] Áirítear costais phá an ionaid seirbhísí comhroinnte airgeadais dar luach €4,800,331 (2021: €4,440,667) i gcostais na seirbhísí comhroinnte airgeadais. Muirearaítear an costas sin chuig Clár A - An Colún Ceartais Choiriúil, fo-mhírcheann A.1 Riarachán – pá.

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €9.154 milliún; toradh €17.295 milliún*

Bhí caiteachas breise €8.141 milliún ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €9.154 milliún mar gheall, go príomha, ar chostas dlí níos airde (€3.36 milliún) agus costais agus táillí riaracháin eile (€5.22 milliún), lena n-áirítear seirbhísí ar chonradh a fritháiríodh go pointe áirithe le tearc-chaitheamh i réimsí eile laistigh den fho-mhírcheann amhail oiliúint agus forbairt foirne (€390,000).

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €2.096 milliún; toradh €3.951 milliún*

Is mar gheall, i bpáirt, ar an méadú náisiúnta a tháinig ar tháillí poist i mí Feabhra 2022 chomh maith le méideanna níos mó i leith cúrsaí inimirce a bhí caiteachas breise €1.855 milliúin ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €2.096 milliún.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €27.666 milliún; toradh €20.389 milliún*

Ba mar thoradh ar laghdú ar chaiteachas beartaithe mar gheall ar ath-imlonnú acmhainní chun tacú le ceadanna sealadacha do náisiúnaigh as an Úcráin a phróiseáil a bhí coigilt €7.277 milliún i gceist i gcomórtas leis an leithdháileadh bunaidh €27.666 milliún. Mar thoradh air sin, níor leanadh ar aghaidh le roinnt tionscadail TF mar a bhí beartaithe.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €3.055 milliún; toradh €4.288 milliún*

Is mar gheall, den chuid is mó, ar chostais cóiríochta cíosa/léasa a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leo, lena n-áirítear an fhreagairt i leith na hÚcráine, agus maith le costais a bhain le paindéim Covid-19 a bhí caiteachas breise €1.233 milliún i gceist i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €3.055 milliún.

**x Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta**

*Soláthar meastacháin €10 milliún; toradh €4.856 milliún*

Is mar gheall, den chuid is mó, ar chaiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis maidir leis an ngné cheartais den chlár a bhí coigilt €5.144 milliún i gceist i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh. Áirítear leis sin tionscadail amhail an Clár Nuachóirithe um Sholáthar Seirbhísí Inimirce, rud a thabhaigh níos lú caiteachais ó tharla gur aistríodh díriú na hEagraíochta chuig géarchéim na hÚcráine, rud a chuir na hacmhainní ar mhalairt slí ón gClár Nuachóirithe go dtí tosaíocht láithreach dhaonnúil sa bhliain 2022.

## Clár A An Colún Ceartais Choiriúil

| | | | 2022 | | | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 30,041 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,128 | | | |
| | | | | 33,169 | 32,820 | 28,978 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 20,191 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,102 | | | |
| | | | | 22,293 | 19,641 | 17,608 |
| A.3 | Oifig Chigire na bPríosún | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,348 | | | |
| | | *Forlíontach* | (728) | | | |
| | | | | 1,620 | 1,289 | 1,349 |
| A.4 | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,406 | | | |
| | | *Forlíontach* | 273 | | | |
| | | | | 13,679 | 13,449 | 11,583 |
| A.5 | Cigireacht an Gharda Síochána | | | 1,326 | 1,118 | 1,010 |
| A.6 | An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | | | 10,858 | 9,830 | 10,111 |
| A.7 | An tSeirbhís Phromhaidh – tuarastail, pá agus liúntais | | | 24,855 | 24,330 | 23,308 |
| A.8 | An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin | | | 4,885 | 4,305 | 4,141 |
| A.9 | An tSeirbhís Phromhaidh – seirbhísí do chiontóirí | | | 17,532 | 17,503 | 17,529 |
| A.10 | An Scéim um Orduithe Seirbhíse Pobail | | | 3,105 | 2,524 | 2,527 |
| A.11 | Idirghabhálacha um Cheartas i leith an Aosa Óig | | | 21,314 | 22,817 | 15,110 |
| A.12 | Íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear coireanna gnéasacha agus drochíde sa teaghlach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,889 | | | |
| | | *Forlíontach* | 725 | | | |
| | | | | 5,614 | 5,421 | 3,744 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| A.13 | An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 439 | | | |
| | | *Forlíontach* | (155) | | | |
| | | | | 284 | 265 | 289 |
| A.14 | Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil | | | 11,016 | 6,319 | 2,301 |
| A.15 | Cúnamh dlíthiúil – coiriúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 70,200 | | | |
| | | *Forlíontach* | 6,630 | | | |
| | | | | 76,830 | 76,653 | 73,466 |
| A.16 | Cúnamh dlíthiúil – saincheisteanna caomhnóireachta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | | 5,000 | 4,716 | 6,031 |
| A.17 | An Bord Parúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,742 | | | |
| | | *Forlíontach* | (303) | | | |
| | | | | 1,439 | 1,470 | 589 |
| A.18 | Bearta coiscthe coireachta | | | 1,197 | 1,071 | 1,049 |
| A.19 | An tÚdarás Slándála Príobháidí | | | 3,886 | 4,012 | 3,744 |
| A.20 | Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe - múscailt feasachta agus oiliúint | | | 5,348 | 4,109 | 2,700 |
| A.21 | Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 51,382 | | | |
| | | *Géilleadh Iarchurtha* | 5,122 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,290 | | | |
| | | | | 59,794 | 56,920 | 72,384 |
| A.22 | Oifig an Phaiteolaí Stáit | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,127 | | | |
| | | *Forlíontach* | 393 | | | |
| | | | | 1,520 | 1,499 | 1,119 |
| A.23 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,332 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,979 | | | |
| | | | | 11,311 | 10,096 | 6,658 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| A.24 | Beart míbhuntáiste shóisialta (arna mhaoiniú ó chuntais dhíomhaoine) | | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,674 | | | | |
| | *Forlíontach* | (700) | | | | |
| | | | 8,974 | 9,125 | 8,789 |
| A.25 | Ciste Nuálaíochta Sábháilteachta Pobail | | 2,000 | 1,623 | — |
| | | | **348,849** | **332,925** | **316,117** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €3.71 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh i dtús báire, lena n-áirítear róchaiteachas €2.229 milliún maidir le caiteachas riaracháin. Rinneadh é sin a fhritháireamh trí choigiltí faoi fho-mhírchinn clár agus is mar gheall ar na nithe seo a leanas go príomha a bhí an difríocht i gcaiteachas i gceist.

**A.3 Oifig Chigire na bPríosún**

*Soláthar meastacháin €2.348 milliún; toradh €1.289 milliún*

Is mar gheall, den chuid is mó, go raibh sé beartaithe Taighdeoir agus Cigirí breise a earcú, ach nach ndeachthas ar aghaidh leis sin in 2022, a bhí coigiltí €1.059 milliún i gceist i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh. Ina theannta sin, níor cuireadh forbairt córais bainistithe cáis agus seirbhísí comhairleachta *ad hoc* i gcrích le linn na bliana.

**A.5 Cigireacht an Gharda Síochána**

*Soláthar meastacháin €1.326 milliún; toradh €1.118 milliún*

Is mar gheall, den chuid is mó, gur cuireadh seirbhísí comhairleachta siar i ndáil leis an gClár Athchóirithe Póilíneachta leanúnach a chur i bhfeidhm a bhí coigilt €208,000 i gceist.

**A.6 An Biúró um Shócmhainní Coiriúla**

*Soláthar meastacháin €10.858 milliún; toradh €9.83 milliún*

Sábháladh €1.028 milliún mar gheall, den chuid is mó, ar mhoilleanna ama a tháinig chun cinn nuair a bhí folúntais foirne á líonadh ag gráid éagsúla agus, mar thoradh air sin, bhí coigilt i gceist sa bhuiséad pá.

**A.8 An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin**

*Soláthar meastacháin €4.885 milliún; toradh €4.305 milliún*

Sábháladh €580,000 i bpáirt mar gheall ar níos lú caiteachais ar TFC agus oiliúint chomh maith le laghdú ar chaiteachas taistil agus cothabhála de dheasca phaindéim Covid-19.

**A.10 Scéim Orduithe na Seirbhíse Pobail**

*Soláthar meastacháin €3.105 milliún; toradh €2.524 milliún*

Sábháladh €581,000 mar gheall ar na moilleanna a bhí ann chun poist Mhaoirseachta Seirbhíse Pobail a líonadh, rud atá riachtanach chun scéim orduithe na seirbhíse pobail a chur ar fáil.

**A.11 Idirghabhálacha um Cheartas i leith an Aosa Óig**

*Soláthar meastacháin €21.314 milliún; toradh €22.817 milliún*

Léirítear cur i bhfeidhm thosaíochtaí na Straitéise um Cheartas i leith an Aosa Óig leis an gcaiteachas breise €1.503 milliún agus áirítear orthu sin roinnt deontais aonuaire do thionscadail athstiúrtha óige.

**A.12 Íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear coireanna gnéasacha agus drochíde sa teaghlach**

*Soláthar meastacháin €4.889 milliún; toradh €5.421 milliún*

Léirítear filleadh na n-éisteachtaí Cúirte i bpearsa leis an gcaiteachas breise €532,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh €4.889 milliún. Mar thoradh air sin, bhí níos mó tacaíochtaí ann maidir le coimhdeacht a dhéanamh ar dhuine chun cúirte chomh maith le tacaíochtaí éagsúla d'íospartaigh choimhdeacha na coireachta.

**A.13 An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)**

*Soláthar meastacháin €439,000; toradh €265,000*

Bhí coigilt €174,000 ann mar gheall nár tháinig méadú ar ualach oibre a rabhthas ag súil leis chun fíre in 2022 de bharr moill ar aistriú an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalair chuig a shuíomh nua ar champas na Seirbhíse Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí i bPort Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath.

**A.14 Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil**

*Soláthar meastacháin €11.016 milliún; toradh €6.319 milliún*

Bhí coigilt €4.697 milliún i gceist i gcomórtas leis an meastachán bunaidh mar gheall, go príomha, ar thrí dhámhachtain mhóra a rinne an Binse a raibh luach thart ar €6.2 milliún san iomlán i gceist leo agus nár ghlac na hiarratasóirí leo roimh dheireadh na bliana 2022.

I ngach ceann de na cásanna sin, chuir an Binse in iúl gur mar gheall ar nádúr na ndíobhálacha a bhí ag na hiarratasóirí lena mbaineann agus an éifeacht atá acu ar inniúlacht mheabhrach na n-iarratasóirí gur cheart coimircí cúirte a dhéanamh dóibh i dtosach sula n-eisíocfaí na cistí. Níl smacht ag an mBinse ar an tráthúlacht a bhaineann leis sin. Nuair atá na dámhachtainí glactha agus nuair atá imeachtaí coimircí cúirte curtha i gcrích sna cásanna, eiseofar íocaíochtaí chuig na hiarratasóirí lena mbaineann.

**A.15 Cúnamh dlíthiúil – coiriúil**

*Soláthar meastacháin €70.2 milliún; toradh €76.653 milliún*

Is mar thoradh ar an líon méadaithe íocaíochtaí a bhí farasbarr caiteachais €6.453 milliún i gceist i gcomórtas leis an leithdháileadh bunaidh €70.2 milliún. Mar atá leagtha amach faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil), 1962, is iad na Cúirteanna atá freagrach as cúnamh dlíthiúil a dheonú. Mar scéim atá bunaithe ar éileamh, d'fhéadfadh sé a bheith deacair tráthúlacht agus candam na gcostas a thuar go cruinn.

**A.16 Cúnamh dlíthiúil – saincheisteanna caomhnóireachta**

*Soláthar meastacháin €4 mhilliún; toradh €4.716 milliún*

Léirítear méadú i líon agus i gcostas na n-éileamh, lena n-áirítear Rúin Bannaí na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte, Iarratais ar Eiseachadadh agus ar Bharántas Gabhála Eorpach leis an bhfarasbarr caiteachais €716,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €4 mhilliún.

**A.17 An Bord Parúil**

*Soláthar meastacháin €1.742 milliún; toradh €1.470 milliún*

Sábháladh €272,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €1.742 milliún mar gheall den chuid is mó ar mhoilleanna ama a tharla nuair a bhí folúntais á líonadh. Ina theannta sin, tháinig dúshláin próiseála cáis oibríochta a bhain le rannpháirtíocht íospartaigh chun cinn nuair nach raibh clár náisiúnta íospartach ann. Meastar go leanfar le foireann bhreise agus struchtúir eile a chur i bhfeidhm in 2023, rud a chuirfidh méadú ar chaiteachas san fho-mhírcheann seo.

**A.18 Bearta coiscthe coireachta**

*Soláthar meastacháin €1.197 milliún; toradh €1.071 milliún*

Tháinig coigilt €126,000 chun cinn de bharr nár leanadh de roinnt bearta coiscthe coireachta mar a bhí súil leis le linn na bliana 2022.

**A.20 Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe - múscailt feasachta agus oiliúint**

*Soláthar meastacháin €5.348 milliún; toradh €4.109 milliún*

Sábháladh €1.239 milliún mar gheall, den chuid is mó, gur cuireadh moill ar roinnt de na feachtais phobail múscailte feasachta a rolladh amach.

**A.22 Oifig an Phaiteolaí Stáit**

*Soláthar meastacháin €1.127 milliún; toradh €1.499 milliún*

Is mar gheall, den chuid is mó, gur ceapadh paiteolaithe nua ceadaithe le linn 2022 a bhí farasbarr caiteachais €372,000 i gceist i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €1.127 milliún.

**A.23 Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta**

*Soláthar meastacháin €7.332 milliún; toradh €10.096 milliún*

Is mar thoradh ar chostais dlí tríú páirtí den chuid is mó, a bhféadfadh sé a bheith deacair an tráthúlacht agus candam a bhaineann leo a thuar go cruinn, a bhí farasbarr caiteachais €2.764 milliún ann i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €7.332 milliún.

**A.24 Beart míbhuntáiste shóisialta (arna mhaoiniú ó chuntais dhíomhaoine)**

*Soláthar meastacháin €9.674 milliún; toradh €9.125 milliún*

Sábháladh €549,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €9.674 milliún mar gheall den chuid is mó ar an tionscadal Maoinithe Tosaigh d'Fhiontair Shóisialta. Seoladh an scéim níos déanaí sa bhliain ná mar a bhí súil leis i dtosach.

**A.25 Ciste Nuálaíochta Sábháilteachta Pobail**

*Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €1.623 milliún*

Is mar gheall ar shaincheisteanna tráthúlachta a bhain le híocaíochtaí céime a bhí an choigilt €377,000 ann go príomha. Go hiondúil, cuirtear an íocaíocht deiridh ar athlá go dtí go mbainfidh an tionscadal ábhartha bunsprioc aontaithe amach.

## Clár B An Colún Ceartais Shibhialta

| | | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 51,334 | | | |
| | | *Forlíontach* | 6,352 | | | |
| | | | | 57,686 | 56,888 | 49,819 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 36,723 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,269 | | | |
| | | | | 40,992 | 35,806 | 31,177 |
| B.3 | Údarás Lárnach | | | 135 | 90 | 40 |
| B.4 | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí | | | 1,001 | 1,000 | 1,000 |
| B.5 | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine | | | 3,138 | 3,282 | 2,994 |
| B.6 | Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,649 | | | |
| | | *Forlíontach* | (737) | | | |
| | | | | 6,912 | 6,586 | 7,340 |
| B.7 | An tÚdarás Rialála Cearrbhachais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 700 | | | |
| | | *Forlíontach* | (360) | | | |
| | | | | 340 | 161 | |
| B.8 | An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 254 | | | |
| | | *Forlíontach* | (183) | 71 | — | — |
| B.9 | An Chomhairle Bhreithiúnach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,754 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,104) | | | |
| | | | | 650 | 833 | 379 |
| B.10 | An tSeirbhís Chróinéara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,085 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,185) | | | |
| | | | | 8,900 | 7,712 | 6,904 |
| B.11 | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | | | 47,917 | 45,212 | 44,575 |
| B.12 | Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce | | | 294 | 294 | 294 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| B.13 | Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,982 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,314 | | | |
| | | | 7,296 | 7,419 | 2,524 |
| B.14 | An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,950 | | | |
| | *Forlíontach* | (1385) | | | |
| | | | 3,565 | 3,255 | 3,369 |
| B.15 | Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | | 713 | 377 | 496 |
| | | | **179,610** | **168,915** | **150,911** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €5.714 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh i dtús báire, in ainneoin róchaiteachas €4.637 milliún maidir le caiteachas riaracháin. Rinneadh é sin a fhritháireamh trí choigiltí faoi fho-mhírchinn clár agus is mar gheall ar na nithe seo a leanas go príomha a bhí an difríocht i gcaiteachas i gceist.

**B.5 An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine**

*Soláthar meastacháin €3.138 milliún; toradh €3.282 milliún*

Is mar gheall gur tugadh faoi chigireachtaí breise comhlíonta iniúchóireachta do 2022, agus gur maoiníodh feachtas feasachta pobail sna meáin chumarsáide agus oiliúint rialála a bhí farasbarr caiteachais €144,000 i gceist i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €3.138 milliún.

**B.6 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €7.649 milliún; toradh €6.586 milliún*

Sábháladh €1.063 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh mar gheall ar mhoilleanna ama a tharla nuair a bhí folúntais foirne á líonadh agus dúshláin ama iarmhartacha a bhain leis an gcóras nua bainistithe cáis Féimheachta a chur chun cinn.

**B.7 An tÚdarás Rialála Cearrbhachais**

*Soláthar meastacháin €700,000; toradh €161,000*

Sábháladh €539,000 mar gheall ar mhoilleanna ama nuair a bhí folúntais foirne á líonadh, rud a d’imir tionchar iarmhartach ar chumas an Údaráis. Ceapadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ainmnithe nua i Meán Fómhair na bliana 2022 agus meastar go leanfar le baill foirne bhreise agus struchtúir eile a chur i bhfeidhm in 2023, rud a chuirfidh méadú ar chaiteachas san fho-mhírcheann seo.

**B.8 An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha**

*Soláthar meastacháin €254,000; toradh €nialas*

Tháinig an choigilt chun cinn ó tharla nár achtaíodh an reachtaíocht lena moltar bunú an Choimisiúin um Cheapacháin Bhreithiúnacha fós.

**B.9 An Chomhairle Bhreithiúnach**

*Soláthar meastacháin €1.754 milliún; toradh €833,000*

Is mar thoradh ar na moilleanna leanúnacha ar bhaill foirne a earcú agus moilleanna iarmhartacha tacaíochtaí lóistíochtúla a chur i bhfeidhm le linn na bliana 2022 a tháinig an choigilt €921,000 chun cinn. Meastar go leanfar le baill foirne bhreise agus struchtúir eile a chur i bhfeidhm in 2023, rud a chuirfidh méadú ar chaiteachas san fho-mhírcheann seo.

**B.10 An tSeirbhís Chróinéara**

*Soláthar meastacháin €13.085 milliún; toradh €7.712 milliún*

Sábháladh €5.373 milliún i gcomórtas leis an leithdháileadh bunaidh €13.085 milliún de bharr, go príomha, nár cuireadh tús in 2022 leis na gnéithe d'Ionchoisne nua an Stardust a bheadh os comhair an phobail mar a bhí beartaithe. Cé gur faoi Chróinéir Sinsearach Bhaile Átha Cliath amháin atá sé na hionchoisní a sceidealú, meastar go gcuirfear tús leis na gnéithe de na hionchoisní a bheidh os comhair an phobail in Aibreán na bliana 2023 fad a bheidh na réamhéisteachtaí riachtanacha a bhí ag dul ar aghaidh le linn 2022 tugtha chun críche.

**B.11 An Bord um Chúnamh Dlíthiúil**

*Soláthar meastacháin €47.917 milliún; toradh €45.212 milliún*

Sábháladh €2.705 milliún mar gheall ar roinnt tosca, lena n-áirítear moill ar thús a chur le (i) seirbhísí dlí breise a sholáthar d'íospartaigh cionta gnéasacha agus (ii) seirbhís dlí a sholáthar i ndáil leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú), a bhfuil reachtaíocht phríomha ag teastáil ón dá cheann. Ina theannta sin, bhí dúshláin earcaíochta foirne roimh an mBord.

**B.13 Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €4.982 milliún; toradh €7.419 milliún*

Is mar gheall ar chostais nach raibh aon súil leo a tabhaíodh chun freagairt chomhtháite a chur i bhfeidhm i leith ghéarchéim na hÚcráine (cosaint shealadach) a bhí caiteachas breise €2.437 milliún i gceist i gcomparáid leis an leithdháileadh buiséid bunaidh. Ina theannta sin, fuarthas líon iarratas nach bhfacthas riamh cheana ar chosaint idirnáisiúnta in 2022. Meastar go leanfar le baill foirne bhreise agus struchtúir eile a chur i bhfeidhm in 2023, rud a chuirfidh méadú ar chaiteachas san fho-mhírcheann seo.

**B.14 An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €4.95 milliún; toradh €3.255 milliún*

Is mar gheall ar an líon laghdaithe cásanna a próiseáladh mar thoradh ar shrianta Covid-19 le linn na bliana 2022 a sábháladh €1.695 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh €4.95 milliún. D'imir sé sin tionchar freisin ar tháillí chomhaltaí an Bhinse agus ar chaiteachas eile neamhphá.

**B.15 Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €713,000; toradh €377,000*

Sábháladh €336,000 agus, leis sin, léiríodh meascán de líon níos ísle aighneachtaí le haghaidh aicmí siamsaíochta baile chomh maith le moilleanna ama a tharla nuair a bhí folúntais foirne á líonadh.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí i ndáil le cinsireacht scannán | | 850 | 941 | 822 |
| 2 | Fáltais AE | | 1 | 1 | 21,000 |
| 3 | Fáltais ilghnéitheacha | | 673 | 588 | 628 |
| 4 | Táillí i ndáil le clárú inimirce | | | | |
| | *Bunaidh* | 38,550 | | | |
| | *Forlíontach* | 20,450 | | | |
| | | | 59,000 | 60,686 | 35,547 |
| 5 | Táillí i ndáil le víosaí | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,385 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,215 | | | |
| | | | 6,600 | 7,913 | 3,019 |
| 6 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,674 | | | |
| | *Forlíontach* | (700) | | | |
| | | | 8,974 | 9,061 | 8,734 |
| 7 | Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,564 | | | |
| | *Forlíontach* | 564 | | | |
| | | | 3,128 | 3,424 | 2,565 |
| 8 | Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,540 | | | |
| | | | 13,540 | 13,215 | 9,983 |
| 9 | Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (1000) | | | |
| | | | 500 | — | 1,050 |
| 10 | Táillí i ndáil leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 250 | | | |
| | | | 2,250 | 2,210 | 2,250 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 11 | Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | | 680 | 699 | 499 |
| 12 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,955 | | | |
| | *Forlíontach* | 295 | | | |
| | | | 4,250 | 4,747 | 4,416 |
| | | | **100,446** | **103,485** | **90,513** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €27.653 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh (i dtosach). Is mar gheall ar ghlanéifeacht na ndifríochtaí a leanas go príomha atá barrachas i gceist leis na fáltais.

**3 Fáltais ilghnéitheacha**

*Meastachán €673,000; réadaithe €588,000*

Tháinig easnamh €85,000 i bhfáltais chun cinn mar gheall ar laghdú san fhorchúiteamh tuarastail oifigeach ar iasacht agus ioncam níos ísle a bhaineann le táillí pléascacha.

**4 Táillí i ndáil le clárú inimirce**

*Meastachán €38.55 milliún; réadaithe €60.686 milliún*

Tháinig barrachas €22.136 milliún i bhfáltais chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh €38.55 milliún. Is éard is príomhchúis leis na fáltais bharrachais a bhain le Táillí i ndáil le Clárú Inimirce agus táillí aonuaire ná an Scéim um Chlárú Imirceach gan Doiciméid.

**5 Táillí i ndáil le víosaí**

*Meastachán €3.385 milliún; réadaithe €7.913 milliún*

Tháinig barrachas €4.528 milliún i bhfáltais chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh €3.385 milliún. Maolaíodh na srianta taistil de dheasca phaindéim Covid-19 agus bhí tionchar dearfach suntasach aige sin ar tháillí i ndáil le víosaí. Mar thoradh air sin, bhí éileamh níos mó ar víosaí fadtéarmacha agus gearrthréimhseacha araon sa bhliain 2022 agus bhí méadú thart ar 175% ar an iomlán ar chinntí víosaí dá bharr.

**6 Fáltais ó chuntais dhíomhaoine**

*Meastachán €9.674 milliún; réadaithe €9.061 milliún*

Bhí easnamh €613,000 i bhfáltais i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €9.674 milliún ann mar gheall den chuid is mó ar an tionscadal Maoinithe Tosaigh d'Fhiontair Shóisialta. Seoladh an scéim níos déanaí sa bhliain ná mar a bhí súil leis i dtosach.

**7 Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí**

*Meastachán €2.564 milliún; réadaithe €3.424 milliún*

Tháinig barrachas €860,000 chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh €2.564 milliún agus léiríonn sé sin táillí méadaithe atá bunaithe ar éileamh láidir ar sheirbhísí slándála ar fud an gheilleagair.

**8 Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta**

*Meastachán €12 mhilliún; réadaithe €13.215 milliún*

Tháinig barrachas €1.215 milliún i bhfáltais chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh €12 mhilliún. Tharla sé sin mar gheall den chuid is mó ar phróiseas saoránachta mionathraithe a tugadh isteach agus ar shearmanais saoránachta ar an láthair a thosú an athuair sa dara sé mhí den bhliain 2022.

**9 Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla**

*Meastachán €1.5 milliún; réadaithe €nialas*

Tháinig easnamh €1.5 milliún i bhfáltais chun cinn i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh. Maoinítear an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (agus an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí Dlí) go príomha trí thobhach na ngairmeacha dlí (aturnaetha agus abhcóidí) a leagtar amach i gCuid 7 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (Acht 2015). Tá an tsamhail tobhaigh atá ann cúlghabhálach agus bunaithe ar chaiteachas an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí sa bhliain airgeadais roimhe. Sa bhliain 2022, lean ualach oibre agus feidhmiúlacht an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ag méadú fad agus a bhí an Binse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí i mbun gníomhaíochtaí bunaithe. Mar thoradh air sin, níor leor an t-ioncam tobhaigh sa bhliain 2022 (bunaithe ar chaiteachas 2021) chun freastal ar gach costas oibriúcháin agus chun suimeanna a chuir an Rialtas ar fáil a aisíoc. Tá an tsamhail tobhaigh á leasú faoi láthair go dtí samhail chun tobhach a ríomh bunaithe ar an mbuiséad don bhliain amach romhainn agus ar airleacain a fuarthas a aisíoc.

**10 Táillí i ndáil leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine**

*Meastachán €2 mhilliún; réadaithe €2.21 milliún*

Leis an mbarrachas €210,000 i bhfáltais i gcomparáid leis an meastachán bunaidh, léiríodh an téarnamh sa gheilleagar i gcoitinne tar éis phaindéim Covid-19 agus, mar thoradh air sin, bhí táillí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**12 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Soláthar meastacháin €3.955 milliún; toradh €4.747 milliún*

Bhain an barrachas €792,000 i bhfáltais i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €3.955 milliún go díreach le costais mhéadaithe tuarastail mar thoradh ar an síneadh a cuireadh le beart pá na seirbhíse poiblí um Móiminteam a Fhorbairt.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 37 | 26 |
| Suim a bailíodh | 37 | 37 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (37) | (26) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **37** | **37** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Roinn | 1,594 | 1,578 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 1,555 | 1,472 |
| Iomlán | **3,149** | **3,050** |

Nóta [a] Áirítear foirne sna gníomhaireachtaí seo a leanas: A.3, A.4, A.5, A.6, A.7, A.10, A.17, A.19, A.21, A.22, B.5, B.6, B.7, B.10, B.11, B.14 agus B.15.

### 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 78,680 | 70,935 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 291 | 182 |
| Liúntais eile | 3,167 | 2,433 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,795 | 568 |
| ÁSPC an Fhostóra | 7,281 | 6,199 |
| **Pá iomlán [a]** | **91,214** | **80,317** |

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fud fho-mhírchinn ábhartha A.1, A.23 agus B.1.

**Luach Saothair foirne Gníomhaireachta**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 87,896 | 83,911 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 83 | 111 |
| Liúntais eile | 3,107 | 2,993 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,776 | 1,644 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,302 | 5,689 |
| **Pá iomlán** | **99,164** | **94,348** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022 | 2021 |
| | | | € | € |
| **Foireann na roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 38 | 11 | 41,852 | 39,739 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 476 | 45 | 41,057 | 23,379 |
| Liúntais Seirbhísí Coigríche | 9 | 4 | 45,125 | 54,005 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 262 | 26 | 16,831 | 13,440 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 286 | 10 | 51,596 | 23,657 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 288 | 158 | 49,655 | 30,512 |
| **Foireann Ghníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 20 | 2 | 28,563 | 24,291 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 87 | 6 | 20,639 | 19,273 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | — | — | — | — |
| Earraí Ilghnéitheacha | 271 | 66 | 34,576 | 23,845 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 26 | 8 | 21,758 | 33,430 |

## 5.4 Foireann na roinne de réir banda pá

Bhí an líon fostaithe den Roinn a raibh a sochair fostaí iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Banda pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 2,089 | 2,108 |
| 60,000 | 69,999 | 266 | 298 |
| 70,000 | 79,999 | 266 | 208 |
| 80,000 | 89,999 | 126 | 127 |
| 90,000 | 99,999 | 84 | 59 |
| 100,000 | 109,999 | 41 | 40 |
| 110,000 | 119,999 | 25 | 12 |
| 120,000 | 129,999 | 13 | 2 |
| 130,000 | 139,999 | 3 | 2 |
| 140,000 | 149,999 | 2 | 4 |
| 150,000 | 159,999 | 4 | 5 |
| 160,000 | 169,999 | 4 | 2 |
| 170,000 | 179,999 | 4 | 1 |
| 180,000 | 189,999 | 1 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 1 | — |
| 200,000 | 209,999 | 2 | 1 |
| 210,000 | 219,999 | 1 | — |
| 220,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,000 | — | 1 |
| 240,000 | 249,999 | — | — |
| 250,000 | 259,999 | 1 | 1 |
| 260,000 | 269,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €121,798 san iomlán le 17 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse sa bhliain 2022. Chomh maith leis sin, íocadh €178,452 le 11 iarsheirbhíseach phoiblí agus €21,119 le hiarchomhalta de na breithiúna a bhí fostaithe i róil éagsúla sa bhliain 2022.

Íocadh €3,191,778 san iomlán trí phárolla le 160 duine aonair i ndáil le dualgais a comhlíonadh ar bhoird, coistí agus coimisiúin éagsúla, etc.

Áirítear sa chuntas caiteachas arbh fhiú tuairim is €450,955 é i ndáil le seachtar oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2022 ar fad nó cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a gcuid tuarastal leo.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le tuarastail 11 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2022 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2022**<br>**€** | **2021**<br>**€** |
|---|---:|---:|---:|
| Ró-íocaíochtaí [a] | 182 | 549,052 | 554,435 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 65 | 304,231 | 347,703 |

Rinneadh 11 phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i ndáil le 11 duine aonair, arbh ionann a luach agus €9,549, a aistriú chuig ocht gcinn de ranna/oifigí rialtais sa bhliain 2022.

Nóta [a] Ní áirítear san fhigiúr ró-íocaíochtaí suimeanna ró-íocaíochta do naonúr fostaithe (2021: 15 fhostaí) ar ina leith atá an tsuim atá dlite fós le ríomh.

## 5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta le baill foirne le linn na bliana 2022.

## 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Olltuarastal | 212 | 203 |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim aoisliúntais roimh an mbliain 1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní shíneann a teidlíochtaí i leith sochair scoir thar théarmaí na scéime sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2022 | 2022 €000 | 2021 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Coimisiúin bhuana** | | | | |
| An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla [a] | 1974 | | 421 | 298 |
| **Coimisiúin chuspóra shocraithe** | | | | |
| Binse Morris [b] | 2002 | 68,785 | 1 | 4 |
| Suíomh Taisí Íospartach [c] | 2007 | 8,334 | 185 | 79 |
| An Sásra Athbhreithnithe Neamhspleách agus cúig fhiosrúchán a bunaíodh sa bhliain 2017 faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 [d] | 2014 | 2,239 | 200 | 319 |
| An Binse um Nochtaí Cosanta [e] | 2017 | 22,549 | 7,997 | 4,926 |
| An Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú [f] | 2017 | 155 | 24 | 24 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin an Oirdheiscirt [g] | 2018 | 2,741 | 999 | 660 |
| Staidéar ar Athbhreithnithe maidir le Finemharú agus Dúnbhású Baile [h] | 2019 | 686 | 182 | 194 |
| Athbhreithniú scópála ar chúinsí a bhain le bás Shane O' Farrell [i] | 2019 | 510 | 87 | 154 |
| | | **105,999** | **10,096** | **6,658** |

Nóta [a] Beidh na costais a bhaineann leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla fós i gceist mar go bhfuil obair an Bhinse fós ar siúl, agus tá líon suntasach iarratas faoin scéim le breithniú.

[b] Bunaíodh Binse Morris sa bhliain 2002 agus foilsíodh tuarascáil deiridh an Bhinse sa bhliain 2008. Is ionann costas an Bhinse go dtí seo agus beagnach €68.8 milliún, agus tuairim is €1,000 á gcaitheamh ar mhionchostais riaracháin ina leith sa bhliain 2022.

[c] Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Shuíomh Taisí Íospartach fós ar siúl, agus tá taisí ceathrar íospartach fós le haimsiú (cuireadh an ceathrú híospartach leis sa bhliain 2022). Is féidir costais shuntasacha teacht chun cinn le tochailt chun teacht ar thaisí i gcás gur féidir láithreáin a shainaithint. Tá gníomhaíocht agus costais ghaolmhara an Choimisiúin ag brath go mór ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil dó i leith na n-íospartach ar leosan na taisí atá á lorg aige. Tabhaíodh caiteachas thart ar €185,000 sa bhliain 2022. Íocadh beagnach dhá thrian den tsuim sin i leith costais leanúnacha riaracháin (lena n-áirítear íocaíochtaí leis na himscrúdaitheoirí), agus bhain an chuid eile le cuardaigh. Fágann sé sin gur caitheadh beagán os cionn €8.3 milliún san iomlán go dtí seo agus meastar go mbeidh íocaíochtaí breise i gceist.

[d] Ag teacht sna sála ar obair an tSásra Athbhreithnithe Neamhspleách, bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt cúig fhiosrúchán sa bhliain 2017 faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, chun cúig imscrúdú Garda Síochána ar leith a fhiosrú. Tá cóiríocht agus tacaíocht riaracháin á gcomhroinnt idir na cúig fhiosrúchán ó bunaíodh iad. Tháinig deireadh le dhá cheann de na fiosrúcháin sin i mí Aibreáin 2018, tháinig ceann eile chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2020, tháinig ceann eile arís chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus tá an ceann eile fós ar siúl. Tabhaíodh caiteachas thart ar €200,000 sa bhliain 2022.

[e] Bunaíodh an Binse um Nochtaí Cosanta i mí Feabhra 2017 agus bhí an Breitheamh Onórach Peter Charleton, breitheamh den Chúirt Uachtarach, ina chomhalta aonair de. Bunaíodh an Binse i ndiaidh don Bhreitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill athbhreithniú a dhéanamh ar dhá nochtadh chosanta a rinneadh leis an Tánaiste an tráth sin inar líomhnaíodh go raibh feachtas ar bun ag an leibhéal is airde sa Gharda Síochána chun míchlú a tharraingt ar an Sáirsint Maurice McCabe, an sceithire a líomhain go raibh éagóiritheoireacht ar siúl sa Gharda Síochána. Chuir an Breitheamh Charleton an tríú tuarascáil eatramhach uaidh faoi bhráid na Dála i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Tabhaíodh caiteachas €487,000 maidir leis an modúl sin sa bhliain 2022 i ndáil le costais dlí tríú páirtithe.

Ghlac an Breitheamh Onórach Seán Ryan lena cheapachán i mí na Nollag 2018 chun tabhairt faoin bhfiosrúchán ar na téarmaí tagartha mar a fhoráiltear leis an ionstraim lenar bunaíodh an Binse. Thug an Breitheamh Ryan an ceathrú tuarascáil eatramhach i ndáil leis an nGarda Nicholas Keogh chun críche i mí Iúil 2021. Táthar ag súil go gcuirfear an cúigiú tuarascáil, an ceann deireanach, den Bhinse a bhaineann leis na Sáirsintí Paul Barry & William Hughes atá ar scor faoi bhráid Thithe an Oireachtais sa chéad sé mhí den bhliain 2023.

Tabhaíodh caiteachas thart ar €7.51 milliún maidir leis an modúl sin sa bhliain 2022.

[f] Bunaíodh an Coimisiún um Thuairisciú Neamhspleách (CTN) sa bhliain 2017 agus rún ann é a reáchtáil ar feadh tréimhse cúig bliana go dtí 2021. Is comhlacht trasteorann é a bhfuil ceathrar comhaltaí air agus a bunaíodh faoi Chomhaontú Tús Nua na bliana 2015. Bíonn sé i mbun comhairliúcháin leathana chun tuairisciú ar bhonn bliantúil ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh i dTuaisceart Éireann maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar na tionscnaimh chomhaontaithe i gcoinne gach cineáil paraimíleatachais. Cuireadh an tríú tuarascáil ón gCoimisiún um Thuairisciú Neamhspleách faoi bhráid Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí na Samhna 2020. Tabhaíodh thart ar €24,000 i gcaiteachas sa bhliain 2022 maidir le costais riaracháin.

[g] Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin an Oirdheiscirt (ar tugadh Coimisiún Hickson air roimhe seo agus ar tugadh an Coimisiún Bán air ina dhiaidh sin) i mí na Samhna 2018 mar fhreagairt do ghearáin nó líomhaintí a rinneadh i gcoinne Bill Kenneally maidir le drochúsáid ghnéasach leanaí, agus nithe gaolmhara. Bunaíodh an Coimisiún chun a shuí cá mhéad eolais, más ann, a bhí ag roinnt eagraíochtaí ar na cionta a rinne Bill Kenneally, lena n-áirítear an Garda Síochána, Deoise Chaitliceach Rómhánach Phort Láirge, Bord Sláinte an Oirdheiscirt, Cumann Cispheile na hÉireann agus pearsana áirithe sa pholaitíocht sa tréimhse ama lena mbaineann. Cé go rabhthas ag súil ar dtús go mbeadh an Coimisiún ar siúl ar feadh bliana ar chostas tuairim is €1.3 milliún, bhí an obair ullmhúcháin tosaigh níos suntasaí ná mar a bhíothas ag súil leis. Cuireadh tús le héisteachtaí sa bhliain 2019 ach cuireadh ar fionraí iad go dtí go rachfaí i gcomhairle le páirtithe. D'éirigh an Breitheamh Onórach Barry Hickson as a phost sa Choimisiún le héifeacht ón 30 Meitheamh 2021 agus tháinig an Breitheamh Onórach Michael White isteach ina áit. Chuir an Breitheamh Onórach White an t-eolas cuimsitheach is déanaí ar fáil don Aire i mí Mheán Fómhair 2022 inar leagadh amach an dul chun cinn a bhí déanta ag an gCoimisiún, faoi réir trialacha coiriúla ar feitheamh. Tabhaíodh thart ar €1 mhilliún i gcaiteachas maidir leis an modúl sa bhliain 2022 le haghaidh costais foirne, riaracháin agus costais dlí.

[h] Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt ag an am grúpa chun tabhairt faoi Staidéar ar Athbhreithnithe maidir le Finemharú agus Dúnbhású Baile i mí na Bealtaine 2019. Thug an grúpa faoi thaighde agus chuaigh sé i gcomhairle le réimse leathan geallsealbhóirí, lena n-áirítear gníomhaireachtaí Stáit, baill teaghlaigh íospartach agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna). Cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt i dtús na bliana 2023.

i I mí Eanáir 2019, cheap an tAire Dlí agus Cirt ag an am Gerard Haughton, Breitheamh ar scor den Chúirt Dúiche, chun tabhairt faoi chleachtadh scópála ar roinnt gnéithe a bhí i gceist le cúinsí a bhain le bás Shane O'Farrell. Chuir an Breitheamh Haughton an tuarascáil uaidh faoi bhráid an Aire an 1 Meitheamh 2022. Ó fuarthas an tuarascáil deiridh, lorgaíodh comhairle ón Ard-Aighne agus fuarthas an chomhairle sin maidir le saincheist an fhoilsithe agus le ceisteanna eile a tháinig chun cinn. Scríobh an tAire McEntee chuig gach Roinn/Gníomhaireacht atá freagrach as ceisteanna is cúis le moltaí sa Tuarascáil agus chuir an tAire McEntee cóip den tuarascáil ar fáil do mhuintir O'Farrell an 27 Iúil 2022 ar bhonn dianrúndachta. Ní dhearnadh cinneadh go fóill faoi na chéad chéimeanna eile maidir leis an tuarascáil seo.

## 6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €42,245 (2021: €407,245) iad maidir leis an Scéim neamhreachtúil um chúnamh dlíthiúil do bhearta de chineál an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Tá feidhm ag an scéim sin maidir le daoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a thabharfaidh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, nó a thabharfar thar ceann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, lena n-áirítear imeachtaí faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, na *Revenue Acts* agus na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus iarratais a dhéanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €1,434,744 (2021: €1,924,800) iad maidir leis an Scéim neamhreachtúil um Chomhairle Cúnaimh Dhlíthiúil i Stáisiúin na nGardaí. Déantar foráil faoin scéim sin go n-íocfaidh an Stát as comhairliúcháin le haturnaetha i gcás go gcoimeádfaí duine i stáisiún na nGardaí chun imscrúdú a dhéanamh ar chion agus go mbeidh teidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le haturnae ach nach mbeadh an duine sin in acmhainn íoc as a leithéid de chomhairliúchán.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €152,782 (2021: €489,426) iad maidir le hocht gcás eile a bhain le himeachtaí dlí eile.

## 6.3 Ciste na dTionscnamh Frithdhrugaí

Fuarthas €489,571 (2021: €350,183) ó Chiste na dTionscnamh Frithdhrugaí agus tugtar cuntas ar an tsuim sin trí chuntas fionraí. Cuirtear an maoiniú ar fáil faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009 – 2016 agus baineann sé le roinnt tionscadal atá faoi úinéireacht Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí, ar tionscadail iad a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbhís Phromhaidh.

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh arna ndéanamh ag | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | fostaithe | daoine den phobal | 2022 | 2021 |
| Líon na gcásanna | 1 | 482 | 483 | 555 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne í féin | — | 563 | 563 | 311 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/thar a ceann | | | | |
| Cúiteamh | — | 453 | 453 | 491 |
| Costais dlí | 26 | 9,751 | 9,777 | 11,677 |
| Costais eile | — | 340 | 340 | 44 |
| **Iomlán 2022** | **26** | **11,107** | **11,133** [a] | **12,523** |
| Iomlán 2021 | **108** | **12,415** | **12,523** | |

Nótaí

[a] Baineann €9.19 milliún (82.6%) den tsuim iomlán €11.133 milliún le réimsí Inimirce na Roinne. Tabhaíodh na costais dlí eile ar fud roinnt réimsí den Roinn, lena n-áirítear Rannán Reachtaíochta Coiriúla na Roinne, Tionscadail Phobail um Cheartas i leith an Aosa Óig, an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine agus an Binse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta.

[b] Ag an 31 Nollaig 2022, meastar go bhfuil 932 chás ann atá fós le réiteach. Is ionann 629 gcás agus an figiúr comparáideach don bhliain 2021.

[c] Déantar costais a aisíoc leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar shonraisc thréimhsiúla a fháil agus déantar costais ar bith a bhaineann le cásanna a réitíodh gar do dheireadh na bliana roimhe a aisíoc ar shonraisc a fháil sa bhliain nua airgeadais. Níl fáil éasca ann ar mhionsonraí maidir le costais ar bith atá fós le híoc ag deireadh na bliana.

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2022**

| | Éilimh arna ndéanamh ag | | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | fostaithe | daoine den phobal | |
| Líon na gcásanna | **1** | **443** | **444** |
| | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne í féin | — | 179 | 179 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/thar a ceann | | | |
| Cúiteamh | — | 533 | 533 |
| Costais dlí | 26 | 10,240 | 10,266 |
| Costais eile | — | 7 | 7 |
| **Iomlán** | **26** | **10,959** | **10,985** |

Nóta

[a] De ghnáth, bíonn tionchar ag an gcostas iomlán tráth na socraíochta i mbliain na socraíochta. Is é seo an seasamh go mór mór i dtaobh na gcásanna inimirce arb ionann iad agus formhór an chaiteachais sa réimse seo.

## 6.5 Maoiniú AE [a]

Áirítear sna torthaí atá taispeánta i bhFo-mhírchinn A.9, A.11 agus B.13 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag AE. Ba mar seo a leanas a bhí meastacháin i ndáil le fáltais agus na torthaí iarbhír.

| | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|
| | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| **Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:** | **€000** | **€000** | **€000** |
| CSE - An Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (CICF) 2014 – 2020 (CSE) | 1 | — | 21,000 |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL) 2014 – 2020 | — | — | 2,700 |
| Fáltais eile AE | — | — | — |
| | **1** | — | **23,700** |

Nóta [a] Is é Ciste Sóisialta na hEorpa an phríomhuirlis atá ag an Aontas Eorpach (AE) chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine. Cuireadh tús le clár nua CSE ar a dtugtar CSE+ 2021-2027.

## 6.6 Géilleadh iarchurtha

Níl aon iarmhéid Géillte iarchurtha ag an Vóta sa bhliain 2022 (2021: €5.122 milliún)

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2023, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/ an Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---:|---:|---:|---:|
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 2021 | 19 Nollaig 2022 | 30 Eanáir 2023 | 28 Feabhra 2023 |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 2021 | 20 Meán Fómhair 2022 | 26 Meán Fómhair 2022 | 23 Samhain 2022 |
| Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 2021 | 22 Nollaig 2022 | 16 Eanáir 2023 | 2 Márta 2023 |
| An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 2021 | 15 Nollaig 2022 | 8 Márta 2023 | 29 Márta 2023 |
| An tÚdarás Slándála Príobháidí | 2021 | 2 Meitheamh 2022 | 4 Iúil 2022 | 2 Meán Fómhair 2022 |
| An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine | 2021 | 6 Nollaig 2022 | 9 Nollaig 2022 | 26 Eanáir 2023 |
| An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí | 2021 | 20 Nollaig 2022 | 21 Nollaig 2022 | 2 Feabhra 2023 |
| An Bord Parúil | 2021 | 5 Nollaig 2022 | 19 Nollaig 2022 | 17 Feabhra 2023 |
| An Chomhairle Bhreithiúnach | 2021 | 21 Nollaig 2022 | 22 Nollaig 2022 | 2 Feabhra 2023 |